

Treoir

Le haghaidh Fostóirí agus Bainisteoirí

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)

2002 and 2004

Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

Treoir

Le haghaidh Fostóirí agus Bainisteoirí

**Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)
2002 and 2004
Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac**

Oifig Rialaithe Tobac

Ionad Siopadóireachta Chlaonadh
Claonadh, Co. Chill Dara

Teil: +353 45 892 015

Faics: +353 45 892 649

Greasán Líonra: www.otc.ie

Ríomhphost: info@otc.ie

© Márta 2004

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004

Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

Cúlra

Chomh fada siar le 1986, d'fhógair Máinlia Ginearálta Mheiriceá, "Cúis galair atá i gcaitheamh tobac fulangach lena n-áirítear ailse na scámhóg, i ndaoine sláintiúla nach gcaitheann tobac". Tá aontas i leith na tuairime seo tar éis fáis go leanúnach ó shin agus tagann údaráis eolaíochta idirnáisiúnta leis go gcruthaíonn nochtadh chuig gal ó thoitíní comhshaoil (GTC) galair thubaisteacha agus mharfacha. Sa bhliain 2002 d'fhógair an Áisíneacht Idirnáisiúnta le haghaidh Taighde Ailse (IARC) agus an Eagraíocht Sláinte Domhanda GTC mar charcanaigin aitheanta daonna agus d'ardaigh siad ard ar an bhfíric go gcruthaíonn sé riosca árduithe galar croí coronach. Cuireann feasacht maidir le drochéifeachtaí gal tobac comhshaoil (GTC) freagracht ar rialtais cosaint a thabhairt do shláinte poiblí tré reachtaíocht a sholáthar a chosnaíonn an pobal i gcoitinne ó chaitheamh tobac ainneonach.

Tháinig tuairisc neamhspleách a ndearna an Oifig Rialaithe Tobac agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháltachta coimisiúnaí uirthi "Éifeachtaí Sláinte

Gal Tobac Comhshaoil (GTC) sa Láthair Oibre", 2003 chuig an gconclúid go gcruthaíonn nochtadh chuig GTC nó gal tobac dara láimhe, ar a dtugtar caitheamh tobac fulangach, ailse na scámhóg, galar croí agus fadhbanna anáilaithe. Tháinig an tuairisc chuig an gconclúid freisin gur gá cosaint a thabhairt d'oibrithe ó nochtadh GTC ag obair; nach bhfuil teicneolaíocht sruthlaithe aer reatha éifeachtach le riosca GTC ar an tsláinte a bhaint; agus go bhfuil gá la bearta reachtúla le cosaint a thabhairt d'oibrithe ó dhrochéifeachtaí nochtadh GTC.

Ina dhiaidh sin, tugadh isteach cosc ar chaitheamh tobac i láithreach oibre dúnta isteach, lena n-áirítear láithreacha ceadúnaithe, faoi Alt 47 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 mar a leasaíodh. D'aisghairm alt 47 Rialacháin Tobac (Cur chun cinn Sláinte agus Cosanta) 1995 a chur cosc le agus a chur srian le caitheamh ábhair tobac in áiteanna agus áiseanna aith eanta. Cuireann mír 47 cosc ar chaitheamh ábhair tobac i láithreacha oibre le hionchais áirithe (féach mír 2).

Forbhreathnú

Tá an cháipéis seo ar cheann de shraith cáipéisí a bhfuil ar intinn acu faisnéis a thabhairt d'fhostóirí/bainisteoirí dá bhfreagrachtaí maidir le Mír 47. Tá cáipéis shonrach eile bainteach le hearnálacha curtha ar fáil do Thrádáil Ceadúnaithe mar chuid de shraith cáipéisí, i gcomhar le na foirne ábhartha. Beidh treoir shonrach breise á chur ar fáil mar a bhíonn éileamh ar agus mar fhreagra ar cheisteanna comónta.

Déanann an cháipéis seo iarracht treoir a thabhairt d'fhostóirí, áititheoirí, bainisteoirí don am i láthair ar conas a d'fhéadfadh siad iarracht a dhéanamh cloí lena bhfreagrachtaí reachtúla faoi Mír 47 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 mar a leasaíodh, agus gan dochar d'aon fhreagrachta dlíthiúil faoi reachtaíodh coiriúil nó sibhialta. Ní chuireann aon ní sna hAchtanna seo freagracht ar fhostóir nó bainisteoir cead caitheamh tobac a thabhairt nó láthair caitheamh tobac a chur ar fáil.

Tabharfaidh feidhmiú an choisc ar chaitheamh tobac cúnaimh d'fhostóirí/bainisteoirí coimeád suas lena bhfreagrachtaí réamh-dhearbhuithe dlí comónta agus a bhfreagracht reachtúil comhshaoil réasúnta sábháilte a chur ar fáil.

Ní bhaineann an eisceacht ar áit nó áitreabh ón mbac saoirse don bhfostóir/bainisteoir dá fhreagrachtaí sin. Moltar d'fhostóirí agus bainisteoirí ar áiteanna a bhfuil eisceacht déanta dóibh an bac a chur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais le súil a dhíriú ar nochtadh a thabhairt chun deiridh áit gur féidir ach ar a laghad le nochtadh chuig GTC a mhaolú. Ba chóir go mbeadh aon chaitheamh tobac in áiteanna nó áitribh a bhfuil eisceacht déanta dóibh lonnaithe ionas nach rachfadh deatach nó gal ó na háiteanna seo isteach i láthair oibre dúnta agus go gcinnteófaí go maoilítear nochtadh an fhostaí.

Léirigh an taithí a bhí ag fostóirí i bhfeidhmiú beartais saor ó chaitheamh tobac sa láthair oibre an tábacht a bhaineann le beartais saor ó chaitheamh tobac scríofa a bheith ar fáil mar chuid den phróiseas bainistíochta. Éilíonn feidhmiú éifeachtach ar bheartais saor ó chaitheamh tobac cumarsáid mhaith le fostaithe, trí chomhairliúchán, dóthain ama le haghaidh athraithe agus tuiscint i leith na ndaoine a chaitheann tobac.

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004

Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

1. Aidhm

Soláthraíonn an foilseachán seo fostóirí/bainisteoirí le treoir maidir le conas is féidir leo iarracht a dhéanamh cloí lena bhfeagrachtaí ag eascairt amach as Mír 47 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, mar a leasaíodh, a chuireann cosc ar chaitheamh tobac i láithreacha oibre atá dúnta isteach.

Tá breis faisnéise maidir le feidhmiú an dlí ar fáil d'fhostóirí agus bainisteoirí ó na háisíneachtaí feidhmiúcháin m.sh. boird sláinte (seirbhís sláinte comhshaoil) agus an Oifig Rialaithe Tobac.

2. Reachtaíocht Ábhartha

Mír 47 (1) den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 mar a leasaíodh ag Mír 16 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasuithe), 2004, a chuireann cosc le caitheamh ábhar tobac in áit shonraithe.

Sainmhínte

Chun na críche Mír 47 tugtar sainmhíniú ar 'áit shonrach' mar áit lena n-áirítear:

- (a) láthair oibre,
- (b) eitleán, traein, long nó ártach eile, feithicil seirbhíse poiblí, nó feithicil a úsáidtear le haghaidh baill an phobail a iompar le haghaidh sochair seachas feithicil seirbhíse poiblí, chomh fada is gur áit oibre atá ann,
- (c) láthair sláinte, chomh fada is gur áit oibre í,
- (d) ospidéal nach láthair sláinte é chomh fada is gur áit oibre atá ann,
- (e) scoil nó coláiste, chomh fada is gur áit oibre é,
- (f) foirgneamh ag a bhfuil rochtain ag an bpobal mar cheart nó mar chead an úinéara nó áititheora an fhoirgnimh, agus ar leis nó a bhfuil sé i seilbh—
 - (i) an Stát,
 - (ii) Aire Rialtais,
 - (iii) Coimisinéirí Oibreacha Poiblí in Éirinn, nó
 - (iv) comhlacht bunaithe ag nó faoi Acht Oireachtais, chomh fada is gur áit oibre í,
- (g) pictiúrlann, amharclann, halla taispeántais nó áit eile a úsáidtear de ghnáth mar shiamsaíocht phoiblí taobh istigh, chomh fada is gur láthair oibre é,
- (h) áitreamech ceadúnaithe, chomh fada is gur láthair oibre é, nó
- (i) club cláraithe, chomh fada is gur láthair oibre é.

Díolúintí

Tugann Mír 47 díolúine do roinnt aicmí áiteanna nó áitribh mar seo leanas:

- (a) teaghas nó áit cónaithe,
- (b) príosún,
- (c) de réir ailt (d), áit nó áitreabh nó cuid d'áit nó d'áitreabh, a bhfuil díon ar chuid de, pé acu seasta nó so-ghluaiste
- (d) cuid de láthair nó áitreabh laismuigh atá clúdaithe ag díon seasta nó gur féidir a bhogadh chomh fada is nach bhfuil níos mó ná 50% de theorainn an choda sin atá impeallaithe ag ceann nó níos mó de bhallaí nó struchtúir chomóna (lena n-áirítear fuinneoga, doirse, geataí nó bealaí eile rochtaine isteach nó amach as an gcuid sin),
- (e) seomra codlata i—
 - (i) láthair atá cláraithe faoi Chuid III den Acht Tráchta Turasóireachta 1939 ar chlár atá fad-bhunaithe agus cóirithe faoin gCuid sin,
 - (ii) láthair, atá sonraithe i liosta foilsithe faoi láthair na huair, nó le bheith foilsithe faoi mhír 9 den Acht Tráchta Turasóireachta 1957, nó
 - (iii) aon láthair eile ina bhfeidhmíonn duine i mbun gnó, is é sin gnó atá déanta suas de nó a áiríonn ar an láthair sin, codladh, cóiríocht do bhaill an phobail,

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004

Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

Díolúintí ar lean

- (f) seomra a úsáidtear le haghaidh cur chun cinn ábhair carthanachta, a úsáidtear d'aon ghnó le haghaidh soláthar cóiríocht maireachtála,
- (g) i láthair faoi úinéireacht nó ina maireann duine a bhfuil de phríomhdhualgas orthu oideachas a sholáthar, seomra a, i gcur chun cinn na nithe seo (seachas ábhair a bhaineann le soláthar oideachas bunscoile nó meanscoile), a úsáidtear d'aon ghnó le haghaidh soláthar cóiríocht maireachtála, in
- (h) teach bhanaltrais,
- (i) ospís,
- (j) ospidéal síciatrach, nó
- (k) an Lár Ospidéal Mheabhrach.

Do na sainmhínte ábhartha féach cóip den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004.

Cionta

Faoi mhír 47(2) den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) tá duine a chaitheanna tobac ag sárú fothmhír (1) den mhír sin agus tá siad ciontach i gcoir.

Faoi Mhír 47(3) de na hAchtanna, áit a chaitheann duine tobac ag sárú fothmhír (1) den mhír sin, beidh áititheoir, bainisteoir, nó aon duine eile atá i gceannas na láithreach áit a dtiteann an sárú amach ciontach i gcoir.

Bunaíonn mír 47(4) na hAchtanna cosaint do dhuine a bhfuiltear ag tógaint imeachtaí ina gcoinne faoi mhír 47(3), chomh fada is gur féidir leo a léiriú go bhfuil gach iarrachtaí réasúnta déanta acu le cloí le Mír 47.

Faoi mhír 5(2A) na hAchtanna tá duine a fhaightear ciontach i gcoir faoi mhír 47 thíos le ciontú athchomair le fíneáil de suas le €3,000.

3. Scóip

Déanann an cháipéis seo iarracht treoir a thabhairt ar na céimeanna praiticiúla ar féidir le fostóirí, bainisteoirí agus daoine eile i gceannas a thógaint ar láithreacha oibre ina bhfuil cosc ar chaitheamh

tobac faoi mhír 47 lena iarrachtaí “gach iarracht réasúnta” faoi mhír 47(3) agus 47 (4) de na hAchtanna agus tá sé gan dochar d'aon fhreagreacht reachtúil eile faoi dhlí choiriúil nó sibhialta.

4. Comhlíonadh / Forfheidhmiú

Ba chóir d'fhostóirí agus bainisteoirí gach iarracht réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil a gcuid foirne, a gcustaiméirí agus a gcuariteoirí feasach maidir leis an gcosc ar chaitheamh tobac d'fhonn comhlíonadh an dlí a éascú.

Ba chóir d'fhostóirí agus bainisteoirí gach iarrachtaí réasúnta a dhéanamh lena chintniú nach gcaitheann fostaithe, custaiméirí, agus cuairteoirí eile ar a áitreabh (m.sh fochonraitheoirí) tobac i gcoinne an dlí.

Ba chóir d'fhostóirí agus bainisteoirí a gcuirtear ar an eolas iad maidir le duine atá ag caitheamh tobac i gcoinne an dlí, gach iarracht réasúnta lena chinntiú nach leanann an sárú agus nach dtarlaíonn sé arís.

Is iad na buníarrachtaí réasúnta molta a bhfuil gá leo ná:

- a). Forbairt a dhéanamh ar agus feidhmiú beartais saor ó chaitheamh tobac a chinntíonn cumarsáid caoi ag fostóirí, bainisteoirí agus iad siúd atá i láthair san áitreabh oibre; agus a chinntíonn go ndéileáiltear le sárú an dlí ag fostaithe, custaiméirí srl. faoi nósanna imeachta disciplíneacha áitiúla nó ar bhealaí eile mar a leagtar amach níos mine sa leathanach dar gcionn (féach mír 5).
- b). Fógraí “Ná Caitear Tobac” a léiriú le foireann, custaiméirí agus cuairteoirí ar an láthair oibre a chur ar an airdeall maidir leis an mbac ar chaitheamh tobac (féach mír 6).
- c). Gach luathreadáin agus glacadóirí eile a bhaint agus árthaigh caoi a chur ag bealaí isteach agus amach as an bhfoirgneamh le toitíní a chur amach áit is caoi.

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004

Mír 47 - Cosc ar Chaitheamh Tobac

5. Beartas Saor ó Chaitheamh Tobac

Ba chóir d'fhostóirí/bainisteoirí teacht le chéile le bearta scríofa a fheidhmiú agus nósanna imeachta le comhlíonadh a chinntiú leis an dlí mar go bhfuil siad uilig thíos go póitéinsiúil faoi Mír 47(3) den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 mar a leasaíodh (mar atá áititheoirí agus "aon duine eile don am i láthair atá i gceannas ar an láthair"). D'fhéadfadh an beartas seo bheith mar chuid dod Ráiteas Sábháilteachta scríofa, riachtanas atá ann cheana féin d'fhostóirí faoi reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.

Ba chóir go n-aithneodh an beartas seo go soiléir baill na bainistíochta agus an fhoireann a bhfuil freagracht acu maidir lena feidhmiú agus sonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a mba chóir a leanacht i gcás neamh-chomhlíonadh.

Ba chóir go nglacfadh an beartas seo an ceart atá ag fostaithe oibríú i gcomhshaol atá saor ó ghal tobac agus faisnéis ar conas cúnamh a fháil le toitiní a thabhairt suas.

Ba chóir an beartas seo agus na nósanna imeachta a ghabhann leis bheith curtha in iúl do gach ball foirne agus go háirithe ball foirne nua agus fostaithe páirt-aimseartha sula dtosnaíonn siad ar an obair. Ba choir gníomhaíocht a ghlacadh maidir le nósanna imeachta disciplíneacha do shárú an bhearta saor ó chaitheamh tobac agus ba choir go mbeadh sé seo ar aon dul le nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh sárú áon nós imeachta sláinte agus sábháilteachta eile. (Tá beartas saor ó chaitheamh tobac samplach ar leathanach 6)

6. Comharthaíocht

Ba chóir comharthaí "Ná Caitear Tobac" a léiriú go feiceálach ionas go bhfuil na comharthaí le feiscint go soiléir ag gach fostaí, custaiméir, agus cuairteoir agus iad ar an láthair. Ba chóir go mbeadh ainm an té (úinéir/bainisteoir) ar chóir gearán a dhéanamh i gcás go mbeadh an bac sáraithe.

Ba chóir go mbeadh comhartha "Ná Caitear Tobac" a léiriú go feiceálach ag gach bealach

isteach ar an láthair, ag na cúntair seirbhíse, in áiseanna leithris agus seomraí foirne.

Ba chóir go mbeadh an comhartha idirnáisiúnta "Ná Caitear Tobac" a bheith ar na comharthaí "Ná Caitear Tobac" agus go mbeidís seasta. (Tá comhartha múnlach "Ná Caitear Tobac" léirithe ar leathanach 8).

Beartha Saor ó Chaitheamh Tobac Múnlach

Aidhm

Glaotar caitheamh tobac fulangach ar nochtadh duine do ghal dara-láimhe/Gal Commhshaoil Tobac (GCT) ar chaitheamh tobac fulangach agus is cúis galair é, lena n-áirítear ailse na scámhóga agus galair croí, i dtriú páirtithe. Ní féidir le rangú fhisiciúil lucht caite tobac uathu siúd nach gcaitheann tobac san aer-spás céanna

nó soláthar sruthlú aer nochtadh chuig GCT agus na héifeachtaí sláinte a leanann a leithéid de nochtadh. Tá an bearta seo forbartha le cosaint a thabhairt d'oibrithe, úsáideoirí seirbhíse, custaiméirí agus cuairteoirí ó nochtadh ag GCT, le géilliúlacht le hobligeáidí reachtúla a chinntiú agus le comhshaoil oibre sábhálta a chinntiú.

Beartas

Tá sé i réimse suime [CUR ISTEACH AINM AN GHNÓ] go bhfuil a láithreacha oibre saor ó ghal tobac agus go bhfuil de cheart ag oibrithe oibriú i gcomhshaoil atá saor ó thobac. Tá cosc ar

chaitheamh tobac sa láthair oibre iomlán gan aon eisceachtaí. Feidhmíonn an bearta seo i leith gach fostaí, comhairleoirí, conraitheoirí, custaiméirí agus cuairteoirí..

Feidhmiú

Tá freagracht iomlán ar fheidhmiú an bheartais ar an áititheoir, bainisteoir nó aon duine eile atá freagrach as an láthair oibre. Tá freagracht ar gach ball foirne cloí le, agus áisitheoireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an bheartais seo.

Cuirfidh an té atá i gceannas [.....] in iúl do gach fostaí atá ann cheana féin, comhairleoirí,

agus conraitheoirí maidir leis an mbearta seo agus a ról siúd i bhfeidhmiú agus monatóireacht ar an mbearta. Tabharfar cóip den mbeartas do gach ball foirne nua, comhairleoirí agus conraitheoirí ar earcaíocht dóibh ag an té atá i gceannas.

Sárú an Bheartais

Déileáilfear le sárú ag custaiméirí, cliant srl. de réir na nósanna imeachta sa leathanach dar gcionn. Tá baill foirne agus custaiméirí a

sháraíonn an reachtaíocht a chuireann cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre thíos le ciontú coiriúil leis an bhfíneáil a ghabhann leis.

Deireadh a chur le Caitheamh Tobac

Tá faisnéis maidir le cúnamh a fháil ar conas caitheamh tobac a thabhairt suas ar fáil ó [.....] m.sh. The National Smokers Quitline

(1850 201 203) nó Seirbhís Cur Chun Cinn Sláinte an bhoird sláinte áitiúil.

Nós Imeachta má tá duine a chaitheann tobac ag sárú an dlí a chuireann cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre

1. Taispeáin na comharthaí “Ná Caitear Tobac” do chustaiméirí agus comhairle a thabhairt dóibh go bhfuil siad ciontach i gcoir má chaitheann siad tobac ar an láthair.
2. Comhairle a thabhairt don chustaiméir gur coir freisin é ag áititheoir, bainisteoir nó aon duine eile atá i gceannas ag an am cead a thabhairt d’aon duine tobac a chaitheamh i gcoinne an dlí.
3. Comhairle a thabhairt don chustaiméir go bhfuil beartas saor-ó-ghal tobac ag an ngnó le comhshaol sábháilte oibre a chur ar fáil d’oibrithe agus do chustaiméirí a leanann ar aghaidh ag caitheamh tobac agus faoin mbeartas seo go bhfuil de dhualgas ar bhaill foirne seirbhís a dhiúlú do chustaiméirí a leanann ar aghaidh ag caitheamh tobac.
4. Má leanann an custaiméir de bheith ag caitheamh tobac tá tú i dteideal seirbhís a dhiúlú don duine sin agus iarr orthu an láthair a fhágáil láithreach.
5. Má dhiúltaíonn an custaiméir, feidhmigh an gnáthchleachtas le haghaidh iompraíochta frith-shóisialta ar an láthair.
6. Coimeád taifead cuí dá leithéid de thitim amach agus cur baill foirne ar an eolas faoin ngníomhaíocht a tógadh.
7. I ngach cás a dhéantar bagairt foréigin fhisiciúil nó a dtagtar ar a leithéid, cur in iúl/ nó lorg cúnamh na nGardaí.

Ná Caitear Tobac

Tá sé mídhleathach tobac a chaitheamh san áitreabh seo



Dílseánach:

Cuirtear gearáin in iúl do:

Fíneáil Uasta €3000 – Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)



www.smokefreeatwork.ie
soláthraíonn faisnéis maidir le
láithreacha oibre saor ó ghal tobac



Oifig Rialaithe Tobac
Ionad Siopadóireachta Chlaonadh
Claonadh, Co. Chill Dara

Tell: +353 45 892 015
Facs: +353 45 892 649
Ríomhphost: info@otc.ie
Greasán Líonra: www.otc.ie